



Cad é scagthástáil ceirbheacs?

Déanann scagthástáil ceirbheacs sláinte do cheirbheacs a sheiceáil. Is é an ceirbheacs an oscailt idir do bhroinn agus d'fhaighin. Tá scagthástáil ceirbheacs ar cheann de na bealaí is fearr chun tú féin a chosaint ó ailse cheirbheacs.

Ní tástáil ar ailse é. Tástáil é ar féidir leis cabhrú le **cosc**

a chur ar ailse a fhorbairt. Tá sé ar cheann de na bealaí is fearr chun tú féin a chosaint ó ailse cheirbheacs, mar sin, ná déan scagthástáil ceirbheacs a chur siar gach uair a bhíonn sé le déanamh.

Cad é scagthástáil ceirbheacs HPV?

Bealach **nua** é seo chun scagthástáil ceirbheacs a dhéanamh. Tugtar scagthástáil ceirbheacs HPV air agus tugadh isteach in Éirinn é in 2020. Tá an saghas seo de scagthástáil ceirbheacs tugtha isteach cheana féin san Astráil, san Ísiltír, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Déantar seiceáil i dtosach ar do shampla scagthástála ceirbheacs féachaint ann bhfuil papalómaivíreas daonna (HPV) ann – is víreas é seo ar féidir leis bheith mar chúis le hailse cheirbheacs.

Má aimsítear HPV, seiceáiltear an sampla tástála céanna féachaint ar tháinig aon athruithe neamhghnácha (réamhailseacha) ar do cheirbheacs.

Roinnt eolas faoin mbealach scagthástála seo:

- bealach níos fearr é chun scagthástáil ceirbheacs a dhéanamh
- cuireann sé cosc ar níos mó ailse teacht ar dhaoine
- déanfar níos lú tástálacha ar roinnt daoine ar an mbealach seo

Má rinneadh tástáil smearaidh ort roimhe seo, beidh scagthástáil ceirbheacs mar an gcéanna leis seo.

Conas a dhéantar scagthástáil ceirbheacs HPV?

Is gnách go nglacann sé thart ar 5 nóiméad chun an scagthástáil a dhéanamh.

1. Iarrfar ort do chuid éadaí a bhaint díot ón goim anuas agus luí ar tholg.
2. Is féidir leat luí ar do thaobh nó ar do dhroim, pé ceann is compordáil duit.
3. Cuirfidh an dochtúir nó an t-altra uirlis ar a dtugtar spéacalam isteach i d'fhaighin go cúramach. Coimeádann an uirlis seo ballaí na faighne ar oscailt, chun gur féidir leo do cheirbheacs a fheiceáil.
4. Úsáidfead scuab bheag bhog chun sampla de chealla a bhailiú go cúramach ón gceirbheacs.

Ceapann roinnt daoine go bhfuil an gnáthamh míchompordach nó náireach, ach ní bhraitheann an chuid is mó díobh pian ar bith. Má bhraitheann tú pian i rith na tástála, cuir an dochtúir nó an t-altra ar an eolas mar gheall go mb'fhéidir go mbeidh siad ábalta do mhíchompord a laghdú.

Cad iad na tairbhí a bhaineann le scagthástáil ceirbheacs?

Is féidir le scagthástáil ceirbheacs HPV rialta an méid seo a leanas a dhéanamh?:

- saol daoine a thabhairt slán
- HPV a aimsiú sula gcruthaíonn sé cealla neamhghnácha sa cheirbheacs

- athruithe neamhghnácha ar chealla a aimsiú sula dtagann comharthaí ort
- athruithe neamhghnácha ar chealla a aimsiú nuair is éasca cóir leighis a chur orthu

Is é HPV agus cealla neamhghnácha a aimsiú go luath an bealach is fearr chun cosc a chur ar ailse cheirbheacs teacht ort. Seo an fáth go bhfuil sé tábhachtach tabhairt faoi scagthástálacha rialta.

Cén teorainneacha atá ar scagthástáil ceirbheacs?

Is iad príomhtheorainneacha atá ar scagthástáil ceirbheacs:

- ní chuirfidh scagthástáil ceirbheacs cosc ar gach cás d'ailse cheirbheacs
- tiocfaidh ailse cheirbheacs ar roinnt ban fós féin in ainneoin scagthástáil rialta
- b'fhéidir nach n-aimseofar roinnt athruithe neamhghnácha ar chealla
- ní aimseoidh scagthástáil gach athrú neamhghnách ar chill
- bíonn torthaí tástála míchruinn, amanna

Cad a dhéantar le mo shampla?

Tabharfar do shampla chuig saotharlann atá dearbhairte ó thaobh cáilíochta. Tástálfar do shampla sa tsaotharlann féachaint an bhfuil HPV ort. Má tá ionfhabhtú gníomhach HPV ort, déanfaidh beirt saineolaithe scrúdú ar do shampla chun athruithe ar chealla a aimsiú. Má aimsíonn siad aon athruithe, beidh tástáil ar a dtugtar colpascópacht le déanamh ort. Is éard a dhéanann colpascópacht ná scrúdú níos grinne ar do cheirbheacs.

Cén fáth nach n-aimsítear roinnt athruithe neamhghnácha ar chealla?

Déanfar seiceáil HPV ar do shampla i dtosach. Má aimsítear HPV, déanfar seiceáil air chun cealla neamhghnácha a aimsiú freisin.

Ach ní aimseofar HPV i rith scagthástála i gcás gach duine a dtagann ailse cheirbheacs orthu.

Baintear toradh diúltach HPV amach i dtástáil – níor aimsíodh HPV – ní thugann seo le fios nach dtiocfaidh HPV ort amach anseo.

Ní aimseofar athruithe neamhghnácha ar chealla, amanna, mar gheall ar an méid seo a leanas:

- bíonn cuma ar chealla neamhghnácha atá cosúil le gnáthchealla, amanna
- b'fhéidir go bhfuil roinnt bheag cealla neamhghnácha sa sampla
- b'fhéidir nach n-aimseoidh an duine a léann do shampla na cealla neamhghnácha (tarlaíonn seo ó am go ham, is cuma cé chomh taithíoch atá siad)

Ní aimseoidh aon tástáil in aon chlár scagthástála cealla neamhghnácha i ngach duine a bhfuil na cealla siúd acu.

Glacann sé go leor blianta ar ailse cheirbheacs a fhorbairt. Glacann sé idir 10 agus 15 bliana i bhformhór na gcásanna ar chealla athrú ó ghnáthchealla go dtí cealla neamhghnácha agus uaidh sin go dtí ailse.

Seo an fáth ba cheart duit freastal i gcónaí ar do scagthástáil ceirbheacs nuair a bhíonn sé le déanamh.





Conas a chuirfear mo thorthaí tástála in iúl dom?

Seolfar do thorthaí chugat sa phost, laistigh de 4 seachtaine i ndiaidh na tástála, de ghnáth. Seolfar iad chuig do DG (dochtúir) nó chuig do chlinic freisin.

Cad a thugann mo thorthaí tástála le fios?

Tá ceithre thoradh fhéideartha ann.

1. Níor aimsíodh HPV

Tugann do thorthaí le fios nach bhfuil HPV ort ag an tráth seo. Déanfar do chéad scagthástáil ceirbheacs in 3 nó 5 bliana ag brath ar d'aois.

2. Aimsíodh HPV agus níor aimsíodh aon athruithe neamhghnácha ar chealla

Tugann do thorthaí le fios go bhfuil HPV ort ach nár tugadh aon athruithe neamhghnácha ar chealla faoi deara. Ba cheart tástáil eile a dhéanamh ort i gceann 12 mhí. Is leor an tréimhse ama seo chun fáil réidh leis an ionfhabhtú HPV ó do chorp.

3. Aimsíodh HPV agus aimsíodh athruithe neamhghnácha ar chealla

Tugann do thorthaí le fios go bhfuil HPV ort agus gur tháinig athruithe neamhghnácha ar chealla i do cheirbheacs Caithear tástáil leantach, ar a dtugtar colpascópacht a dhéanamh ort – is scrúdú níos grinne é seo ar do cheirbheacs. Tá sé cosúil le scagthástáil ceirbheacs.

4. Sampla neamhleor

Ciallaíonn seo nach bhféadfadh an tsaotharlann sampla do scagthástála a phróiseáil. Iarrfar ort freastal ar scagthástáil ceirbheacs eile i gceann trí mhí.

Do thoiliú a thabhairt

Gach uair a dhéantar scagthástáil ceirbheacs ort, iarrfaimid ort do thoiliú a thabhairt trí Fhoirm Scagthástála Ceirbheacs a shíniú sula ndéanfar an tástáil. Mura féidir leat an fhoirm a shíniú, iarrfar ort do thoiliú a thabhairt ó bhéal nó trí mharc a dhéanamh ar an bhfoirm i láthair dochtúra nó altra.

Déantar seo leis an méid seo a leanas dheimhniú:

- cuireadh ar an eolas thú ar scagthástáil ceirbheacs agus ar na tairbhí agus na teorainneacha a bhaineann leis
- tuigeann tú an t-eolas seo
- sheiceáil tú go bhfuil d'ainm, do sheoladh agus sonraí eile i gceart (cabhraíonn seo lena chinntiú go bhfuil do sheoladh reatha againn chun cumarsáid a dhéanamh leat)
- tugann tú cead dúinn chun d'eolas pearsanta agus do stair scagthástála a fháil, a choimeád agus a mhalartú leo siúd a sholáthraíonn an clár scagthástála ceirbheacs HPV

Cuimhnigh: Ní féidir ach leatsa do thoiliú a thabhairt chun a bheith páirteach inár gclár. Caithefid tú toiliú a thabhairt sula ndéantar do scagthástáil ort. Is féidir leat do thoiliú a aistarraingt ag aon tráth trí theagmháil a dhéanamh linn ar Shaorghlao **1800 45 45 55** nó trí ríomhphost a sheoladh chuig info@cervicalcheck.ie

Ciallaíonn seo nach ndéanfaimid teagmháil leat faoin gClár Scagthástála Ceirbheacs amach anseo.

Conas a úsáidimid do shonraí pearsanta?

Déanann CervicalCheck d'eolas pearsanta (ainm, seoladh, uimhir ghutháin, dáta breithe, UPSP, sloinne breithe agus sloinne roimh phósadh do mháthar) agus do stair scagthástála ceirbheacs a ghlacadh agus a stóráil. Baineann do stair scagthástála ceirbheacs leis an bpáirt a ghlacann tú in CervicalCheck.

Is féidir le torthaí scagthástála ceirbheacs HPV, freastal ar cholpascópacht, cóireálacha agus torthaí bithóipse (sampla tástála) a bheith i gceist.

Úsáidimid d'eolas chun teagmháil a dhéanamh leat faoin uair a bheidh ort freastal ar do chéad scagthástáil eile nó nuair a bhíonn do thorthaí ar fáil. Chomh maith leis sin, malartaímid d'eolas le seirbhísí sláinte eile a sholáthraíonn an clár. Malartaímid d'eolas leis an dochtúir nó leis an altra a dhéanann do scagthástáil, an tsaotharlann, na clinicí colpascópachta agus Clárann Náisiúnta Ailse na hÉireann. Déantar é seo chun caighdeán na seirbhíse a chothú agus a fheabhsú.

Is féidir linn do shampla scagthástála a úsáid sa mhúinteoireacht, in athbhreithnithe agus iniúchtaí agus chun cáilíocht agus éifeachtacht an chlár a sheiceáil.

Is féidir linn d'eolas a úsáid freisin chun cuireadh a thabhairt duit chun páirt a ghlacadh i dtaighde.

Is fútsa a bhíonn sé páirt a ghlacadh nó gan páirt a ghlacadh i scagthástáil. Ní úsáidimid d'ainm in aon tuarascálacha nó nuair a bhíonn múinteoireacht nó athbhreithnithe á ndéanamh againn. Coimeádfaimid d'eolas pearsanta sábháilte, slán agus faoi rún, ar aon dul le rialacháin reatha um chosaint sonraí.

Beidh teacht iomlán agus oscailte agat ar d'eolas pearsanta a choimeádann CervicalCheck, ach é sin a iarraidh. Is tábhachtach go gcuireann tú CervicalCheck ar an eolas má thagann athrú ar do shonraí. Lena dheimhniú conas teacht ar do thaifid, caithe sùil ar hse.ie/gdpr/data-requests/

Chun teacht ar eolas breise, féach Fógra Príobháideachais FSS – Othair agus Úsáideoirí Seirbhíse ag hse.ie/gdpr/

Cumarsáid a dhéanamh leat

Déanfaimid cumarsáid leat ar bhealach oscailte, ionraic, tráthúil agus trédhearcach sna cásanna seo a leanas:

- téann rud éigin mícheart le do chúram
- déantar díobháil duit mar thoradh ar do chúram
- ceapaimid go bhféadfadh go ndearnadh díobháil duit

Ciallaíonn seo go gcoimeádfaimid thú go hiomlán ar an eolas ar na fíricí agus na sonraí a bhaineann le do rannpháirtíocht sa Chlár Scagthástála Ceirbheacs.

Nuair a bhíonn do thorthaí againn, seolfaimid chugat iad chomh maith le heolas breise faoin méid a thugann siad le fios. Is féidir leat teacht ar eolas freisin ar hse.ie/cervicalcheck





Is féidir foirmeacha neamhiomlána a sheoladh ar ais.

Deimhnigh leis an gcliant, le do thoil, go bhfuil na sonraí go léir ar an bhfoirm i gceart.

A luaithe a dheimhnítear é, bain lipéad uimhir an fhéil, le do thoil, ó fhial an tsampla agus greamaigh den fhoirm é.

Uimhir an Fhéil:

Sonraí faoin gCliant

Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí

Uimhreacha						Litreacha	

Aitheantas an CSP

--	--	--	--	--	--	--	--

Uimhir an Ospidéal (más infheidhme)

--	--	--	--	--	--	--	--

Dáta Breithe

Lá		Mí		Blain	

Aitheantóir Sláinte Aonair (IHI):

--	--	--	--	--	--	--	--

Dochtúir / Altra

Ainm an Dochtúra / an Altra:

Cleachtas / Clinic:

Seoladh:

Uimhir Aitheantais an Dochtúra / an Altra: (Uimhir MCRN nó NMBI)

--	--	--	--	--	--	--	--

Uimhir Ghutháin:

--	--	--	--	--	--	--	--

Sloinne Úsáid BLOCLITREACHA nuair a bhíonn do shonraí á dtabhairt

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Céadainm

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Lárainm

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Sloinne Breithe

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Sloinne roimh Phósadh na Máthar

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Seoladh Poist do Chomhfhreagras

Aitheantas an Dochtúra ar a bhfuil Freagracht Chliniciúil nó Aitheantas an Chlinic: (MCRN)

--	--	--	--	--	--	--	--

Dáta Tástála

Lá			Mí			Blain			Míostrú Deireanach		

Sonraí Ábhartha Cliniciúla (cuir tic leis mar is cuí, le do thoil)

OCP/Hormóin/HRT IUCD Iarmheanapásach

Vacsaín HPV Faighte Smearadh Iarcholpascópachta

Histireachtóime Fho-iomlán / Iomlán

Roimh/Tar Éis Trasphlandú Scaghealú DES CD4i

Fuiliú tar éis gnéis Fuiliú iar-mheanapásach

Láthair an tSampla: Ceirbheacs Cuas (tar éis histireachtóime iomlán)

Nuair a bhíonn an ceirbheacs ann, caithfidh an duine a dhéanann an smearadh an ceirbheacs iomlán a shamhlú agus sampla a ghlacadh de i gceart tríd an samplóir a chasadh 360° 5 huairé. Deimhnítear go ndearnadh é seo tríd an sampla a sheoladh ar aghaidh

Stair Scagthástála

Ainm na Saotharlainne	Dáta Tástála	Toradh Cíteolaíochta	Toradh HPV

Istoric tratement

Ainm an Chlinic	Dáta	Gnáthamh	Toradh

Éirchód:

--	--	--	--	--	--

Uimh. Ghutháin Teagmhála

--	--	--	--	--	--	--	--

Seiceáil, le do thoil, go bhfuil do shonraí thuas i gceart

Tuigim an t-eolas a tugadh dom agus tugaim toiliú chun páirt a ghlacadh in CervicalCheck

Síniú an Chliant: _____

Ní ghlacann Cervicalcheck le toiliú tríú páirtí.

LABORATORY USE ONLY ÚSÁID SAOTHARLAINNE AMHÁIN

Date Received in Laboratory

Day	Month	Year

Accession Specimen Number:

Barcode

TZ Cells Yes No

Final Report

Management Recommended

1°

--	--	--	--

 2°

--	--	--	--

Path

Date Reported

Day	Month	Year

Signature

Day	Month	Year